Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15518/23**
**ADD 1**

**DENLEG 55**
**FOOD 85**
**SAN 669**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 13 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2023) 92050/2 ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil tocsainí L-2 agus HT-2 i mbia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2023) 92050/2 ANNEX.

---

Faoi iamh: D(2023) 92050/2 ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2017/1196 Rev1 ANNEX
(POOL/E2/2017/1196/1196-R1-EN
ANNEX.docx) D092050/02
[…](2023) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil tocsainí L-2 agus HT-2 i mbia**

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas 1.9 (míceatocsainí T-2 agus HT-2) isteach i roinn 1 (míceatocsainí) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915:

‘

| **1.9** | **Tocsainí T-2 agus HT-2** | **Uasleibhéal (µg/kg)** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| | | **Suim thocsainí T-2 agus HT-2** | Maidir le suim thocsainí T-2 agus HT-2, tagraíonn uasleibhéil do thiúchain cuimse íochtair, a ríomhtar ag glacadh leis gurb ionann na luachanna go léir faoi bhun na teorann cainníochtaithe agus nialas. |
| 1.9.1 | Gráinní gránaigh neamhphróiseáilte seachas táirgí a liostaítear faoi 1.9.1.1., 1.9.1.2, 1.9.1.3 agus 1.9.1.4 | 50 | Seachas gráinní arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte atá le próiseáil trí fhliuchmhuilleáil agus seachas rís.<br>Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní gránaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh roimh an bpróiseáil chéadchéime ([6]). |
| 1.9.1.1 | Gráinní eorna bhraiche neamhphróiseáilte | 200 | Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní eorna bhraiche neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh roimh an bpróiseáil chéadchéime ([6]). |
| 1.9.1.2 | Gráinní eorna neamhphróiseáilte seachas gráinní eorna bhraiche | 150 | Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní eorna neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh roimh an bpróiseáil chéadchéime ([6]). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.9.1.3 | Gráinní arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte agus gráinní cruithneachta crua neamhphróiseáilte | 100 | Seachas gráinní arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a bhfuil sé soiléir ina leith e.g. trí lipéadú nó trí cheann scríbe, go bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i bpróiseas fliuchmhuilleáil amháin (táirgeadh stáirse).<br><br>Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte agus gráinní cruithneachta crua neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh roimh an bpróiseáil chéadchéime ([6]). |
| 1.9.1.4 | Gráinní coirce neamhphróiseáilte a bhfuil crotal do-ite orthu | 1 250 | Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní coirce neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh roimh an bpróiseáil chéadchéime ([6]).<br><br>Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráinní coirce a bhfuil an crotal do-ite orthu. |
| 1.9.2 | Gránaigh arna gcur ar an margadh don tomhaltóir deiridh seachas táirgí a liostaítear in 1.9.2.1 agus 1.9.2.2 | 20 | Seachas rís. |
| 1.9.2.1 | Coirce a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh | 100 | |
| 1.9.2.2 | Eorna, arbhar Indiach agus cruithneacht crua a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh | 50 | |
| 1.9.3 | Táirgí muilleála gránach seachas na táirgí a liostaítear in 1.9.3.1 agus 1.9.3.2 | 20 | Seachas táirgí muilleála ríse. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.9.3.1 | Táirgí muilleála coirce (lena n-áirítear bran coirce) | 100 | |
| 1.9.3.2 | Bran ó ghránaigh seachas coirce agus táirgí muilleála arbhair Indiaigh | 50 | |
| 1.9.4 | Earraí bácála seachas na táirgí a liostaítear in 1.9.5, pasta, sneaiceanna gránaigh agus gránaigh bricfeasta seachas na táirgí a liostaítear in 1.9.6, 1.9.7 agus 1.9.8 | 20 | Seachas táirgí ríse.<br>Lena n-áirítear earraí beaga bácála.<br>Ciallaíonn pasta pasta (tirim) le cion uisce de thart ar 12 %. |
| 1.9.5 | Earraí bácála déanta 80 % as táirgí muilleála coirce ar a laghad | 100 | Seachas táirgí ríse.<br>Lena n-áirítear earraí beaga bácála. |
| 1.9.6 | Calóga coirce | 100 | |
| 1.9.7 | Gránaigh bricfeasta atá comhdhéanta de ar a laghad 50 % bran gránaigh, táirgí muilleála gráinní coirce, táirgí muilleála arbhair Indiaigh, slánghráinní coirce, gráinní eorna, gráinní arbhair Indiaigh nó gráinní cruithneachta crua, agus atá comhdhéanta de níos lú ná 40% táirgí muilleála gráinní coirce agus slánghráinní coirce. | 50 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.9.8 | Gránaigh bricfeasta atá comhdhéanta de ar a laghad 50 % bran gránaigh, táirgí muilleála gráinní coirce, táirgí muilleála arbhair Indiaigh, slánghráinní coirce, gráinní eorna, gráinní arbhair Indiaigh nó gráinní cruithneachta crua, agus atá comhdhéanta de ar a laghad 40% táirgí muilleála gráinní coirce agus slánghráinní coirce. | 75 | |
| 1.9.9 | Bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga ([3]) | 10 | Seachas táirgí ríse.<br>Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ([5]) an táirge mar a chuirtear ar an margadh é. |
| 1.9.10 | Bia chun críoch speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga ([3]) | 10 | Seachas táirgí ríse.<br>Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ([5]) an táirge mar a chuirtear ar an margadh é. |

**IARSCRÍBHINN […]**